Úsáid TFC
Gnéithe Inmhianaithe

Comhoibriú ar Líne

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht faoi threoir an mhúinteora a chuimsíonn rochtain a dhéanamh ar thimpeallacht fhíorúil foghlama (TFF) *(VLE)* nó ar uirlis ar líne agus/nó í a nascleanúint. Moltaí a thabhairt nuair a dhéanann an múinteoir nascleanúint ar an uirlis ar líne. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo amharc a dhéanamh ar liosta rannpháirtithe nó rochtain a dhéanamh ar shuíomhanna éagsúla.* (Fiosrú)
- Breathnú a dhéanamh agus moltaí a thabhairt nuair a dhéanann an múinteoir postáil i gcúrsa. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo faisnéis a chur ar fáil do vicíghrúpa.* (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ábhar a mholadh do ríomhphost nó moltaí a thabhairt faoi choinne gníomhaíocht físchomhdhála nó gníomhaíocht fhíorúil ranga.* (Malartú)
- Labhairt faoin obair acu, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- Fios a bheith acu go dtig leo rochtain a dhéanamh ar an chúrsa níos déanaí. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Logáil isteach ar TFF *(VLE)* nó ar uirlis ar líne agus nascleanúint a dhéanamh le cuidiú an mhúinteora go dtí áit thugtha nó cúrsa. Sraith treoracha a leanúint ag úsáid TFF *(VLE)* nó uirlis ar líne. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo rannpháirtí eile a aimsiú nó comhad atá ann cheana féin a uaslódáil go dtí cúrsa.* (Fiosrú)
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar líne le cuidiú an mhúinteora. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo postáil a dhéanamh ar chúrsa ar líne nó faisnéis a chur le vicíghrúpa.* (Cur in iúl)
- An dóigh le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúthu. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a sheoladh nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht físchomhdhála nó i ngníomhaíocht fhíorúil ranga le cuidiú an mhúinteora.* (Malartú)
- Labhairt faoin dóigh a bhféadfadh siad feabhsuithe simplí a chur ar a gcuid oibre, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A gcúrsa nó uirlis ar líne a leabharmharcáil agus/nó é a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Logáil isteach ar TFF *(VLE)* nó ar uirlis ar líne agus nascleanúint a dhéanamh go dtí áit thugtha nó cúrsa. Sraith treoracha a leanúint ag úsáid TFF *(VLE)* nó uirlis ar líne. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo rannpháirtí eile a aimsiú nó comhad atá ann cheana féin a uaslódáil go dtí cúrsa.* (Fiosrú)
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar líne. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo postáil a dhéanamh ar chúrsa ar líne nó faisnéis a chur le vicíghrúpa.* (Cur in iúl)

- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphost a sheoladh, postáil a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar shnáithe plé, nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht físchomhdhála nó i ngníomhaíocht fhíorúil ranga.* (Malartú)
- Machnamh a dhéanamh ar rath na ngníomhaíochtaí acu, ag tabhairt moltaí féideartha feabhais. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ábhar breise nó leasuithe i leith postálacha, nó cuir chuige mhalartacha i leith gníomhaíochta a mholadh.* (Luacháil)
- A gcúrsa nó uirlis ar líne a leabharmharcáil agus/nó é a thaispeáint don rang nó don ghrúpa. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Tacaíocht a thabhairt dá bpostálacha ar líne le fianaise chuí ó shócmhainní a fuarthas nó a cruthaíodh. Logáil isteach ar TFF *(VLE)* nó ar uirlis ar líne agus nascleanúint a dhéanamh go dtí áit thugtha nó cúrsa. Na huirlisí agus na gnéithe a bhaineann le TFF *(VLE)* nó uirlis ar líne a úsáid le cumarsáid a dhéanamh le rannpháirtithe eile. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo rannpháirtithe atá ar líne i láthair na huaire a aimsiú agus teagmháil a dhéanamh leo ag úsáid teachtaireachtaí meandracha, nó teachtaireacht a fhágáil do rannpháirtithe atá as líne i láthair na huaire.* (Fiosrú)
- Ábhair a ullmhú le cur san áireamh i ngníomhaíocht ar líne agus páirt a ghlacadh inti le linn roinnt seisiún. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo roinnt postálacha a dhéanamh ar chúrsa ar líne, ag freagairt do rannpháirtithe eile nó faisnéis a chur ar fáil do vicíghrúpa.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ríomhphoist a sheoladh go rialta, postáil a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar shnáithe plé, nó ullmhúchán a dhéanamh faoi choinne gníomhaíocht físchomhdhála nó gníomhaíocht fhíorúil ranga agus páirt ghníomhach a ghlacadh ann.* (Malartú)
- Taifead a choinneáil ar a gcuid smaointe a bhaineann le rath a ngníomhaíochtaí agus moltaí féideartha feabhais a lua. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo ábhar breise nó leasuithe i leith postálacha, nó cuir chuige mhalartacha i leith gníomhaíochta.* (Luacháil)
- Sárthaispeántas a dhéanamh den obair chomhlánaithe. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo vicí comhlánaithe a chur ar fáil nó fianaise a chur i láthair i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga.* (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Tacaíocht a thabhairt dá n-ábhar ar líne le fianaise chuí as réimse foinsí, agus luacháil a dhéanamh ar a gcuid roghanna. Logáil isteach ar TFF *(VLE)* nó ar uirlis ar líne agus ábhar a chur ar fáil le linn roinnt seisiún. Na huirlisí agus na gnéithe atá ar fáil in TFF *(VLE)* nó uirlis ar líne a úsáid le tuiscint atá ag méadú, ag úsáid réimse de chuir chuige de réir mar is cuí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo smaointe a fhiosrú le rannpháirtithe cúrsa sula roghnaíonn siad téacs agus sócmhainní eile le cur isteach i leagan deiridh de vicí nó de bhlag.* (Fiosrú)

- Grúpa a chomhordú le hábhair a ullmhú le cur san áireamh i ngníomhaíocht ar líne agus príomhpháirt a ghlacadh le linn roinnt seisiún, ag cur ábhar ar fáil agus an spriocghrúpa ar intinn agat. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo faisnéis a chur in eagar i vicí nó i mblag, postálacha a chruthú agus freagairt dóibh agus tráchtanna a chur leo.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, malartú agus roinnt a dhéanamh ar a gcuid faisnéise, smaointe agus/nó torthaí agus iad ag comhoibriú ar líne lena bpiaraí. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo freagairtí tráthúla a thabhairt ar phlé ar líne, comhaid agus ceangaltáin a uaslódáil, snáitheanna úra plé a thosú nó ceannas a ghlacadh nuair atá gníomhaíocht ar líne á heagrú.* (Malartú)
- Taifead rialta a choinneáil ar a gcuid smaointe a bhaineann le rath a ngníomhaíochtaí agus a gcuid ábhar le linn roinnt seisiún agus moltaí féideartha feabhais a lua. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo nótaí a dhéanamh agus a choinneáil ar cé acu uirlis agus cur chuige ab éifeachtaí a bhí ann.* (Luacháil)
- Sárthaispeántas a dhéanamh den obair chomhlánaithe. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo vicí comhlánaithe a chur ar fáil nó fianaise a chur i láthair i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga.* (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Tacaíocht a thabhairt dá n-ábhar ar líne le fianaise chuí as réimse leathan foinsí, agus tagairt a dhéanamh dá gcuid roghanna agus iad a chosaint. Bainistíocht a dhéanamh go neamhspleách ar a rannpháirtíocht in TFF *(VLE)* nó in uirlis ar líne, monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid ábhar féin agus ar ábhar daoine eile le linn roinnt seisiún. Réimse iomlán de na huirlisí agus na gnéithe a bhaineann le TFF *(VLE)* nó uirlis ar líne a úsáid le tuiscint atá ag méadú. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo tagairt a dhéanamh do naisc sheachtracha agus/nó d'fhoinsí nuair atá plé á dhéanamh ar thopaic a mheallann réimse leathan tuairimí.* (Fiosrú)
- Topaic an phlé a shocrú agus grúpa a chomhordú le hábhair a ullmhú le cur san áireamh i ngníomhaíocht ar líne agus príomhpháirt a ghlacadh le linn tréimhse sínte, ag cur ábhar ar fáil agus an spriocghrúpa ar intinn agat. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo faisnéis a chruthú agus a chur in eagar i vicí nó i mblag, postálacha a chruthú agus freagairt dóibh agus ábhair roinnte a chur leo.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh ar a gcuid faisnéise, smaointe agus/nó a gcuid torthaí agus iad a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú lena bpiaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo a bheith i gceannas ar ghníomhaíocht físchomhdhála nó gníomhaíocht ranga ar líne, nó tús a chur le plé úr, ag logáil isteach go rialta le freagairtí tráthúla agus tomhaiste a dhéanamh, agus taighde agus acmhainní eile a roinnt.* (Malartú)
- Taifead rialta agus cúramach a choinneáil ar a gcuid smaointe a bhaineann le rath a ngníomhaíochtaí agus a gcuid ábhar le linn roinnt seisiún. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo nótaí a dhéanamh agus a choinneáil ar cé acu uirlis agus cur chuige ab éifeachtaí a bhí ann.* (Luacháil)
- Sárthaispeántas a dhéanamh den obair chomhlánaithe. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo vicí nó blag comhlánaithe a chur ar fáil agus rannpháirtithe agus teagmhálaithe eile a chur ar an eolas nuair atá sé ar fáil.* (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Tacaíocht a thabhairt dá n-ábhar ar líne le fianaise as réimse leathan foinsí, agus tagairt a dhéanamh dá gcuid foinsí agus iad a idirdhealú. Bainistíocht a dhéanamh go córasach ar rannpháirtíocht a ngrúpa in TFF *(VLE)* nó in uirlis ar líne, monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid ábhar féin agus ar ábhar daoine eile le linn roinnt seisiún. Réimse iomlán de na huirlisí agus na gnéithe a bhaineann le TFF *(VLE)*, le huirlis ar líne nó le réitigh eile Web 2.0 a úsáid le cur leis an phróiseas chomhoibríoch agus an cur chuige a d'úsáid siad a chosaint. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo comhoibriú a dhéanamh ag úsáid Google Docs, íomhánna a roinnt lena gcur san áireamh i vicí nó i mblag ag úsáid Instagram, agus ag cur le plé ar líne, ag tabhairt tacaíochta go córasach d'argóintí le foinsí a bhfuil tagairtí soiléire acu.* (Fiosrú)
- An príomhról a ghlacadh i ngníomhaíocht ar líne le linn tionscadail shínte agus an grúpa a chomhordú le hábhair a ullmhú atá réidh le cur san áireamh sa ghníomhaíocht. *B'fhéidir go gcuimseodh sé topaic an phlé a shocrú agus treo an fhiosrúcháin a shainaithint, ag cruthú faisnéise i vicí nó i mblag agus í a chur in eagar, ag cruthú postálacha agus ag freagairt dóibh, agus ábhair a roinnt.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna cumarsáide comhaimseartha le malartú, roinnt agus comhoibriú a dhéanamh ar a gcuid faisnéise agus smaointe forbartha le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo a bheith i do chathaoirleach ar ghníomhaíocht físchomhdhála nó ar ghníomhaíocht fhíorúil ranga, nó ag gníomhú mar mhodhnóir i bhfóram ar líne, ag baint topaicí neamhábhartha ar shiúl agus ag cur coinbhinsiúin agus prótacail ar líne i gcuimhne do rannpháirtithe.* (Malartú)
- Taifead a dhéanamh go rialta agus go córasach ar a gcuid smaointe a bhaineann le rath a ngníomhaíochtaí agus a gcuid ábhar le linn roinnt seisiún. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo nótaí a dhéanamh agus a choinneáil ar cé acu uirlis agus cur chuige ab éifeachtaí thar réimse na bhfeidhmeanna a d'úsáid siad i ngníomhaíocht chomhoibríoch.* (Luacháil)
- Sárthaispeántas a dhéanamh den obair chomhlánaithe agus monatóireacht a dhéanamh ar a rath. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo vicí nó blag comhlánaithe a chur ar fáil agus méadracht agus/nó staitisticí úsáide ar thuairimí, ábhair agus ar ghníomhaíochtaí eile a bhailiú.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, san am agus san áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.